

12 Tionscadail an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú

- 12.1** Dearadh an Ciste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú (LIHAF) chun tacú le soláthar tithíochta trí mhaolú a dhéanamh ar bhacainní bonneagair chriticiúil a chreidtear a bheith ag cur cosc ar sholáthar tithíochta ar láithreáin a bhfuil poitéinseal forbartha acu. Is é cuspóir LIHAF bonneagar poiblí lasmuigh den láthair a sholáthar ionas gur féidir forbairt tithíochta a dhéanamh. Áirítear leis an gcineál bonneagair atá beartaithe bóithre rochtana, droichid, atreorú línte cumhachta agus oibreacha draenála, chomh maith le taitneamhachtaí poiblí amhail páirceanna.
- 12.2** Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn) freagrach as an gciste. I mí Iúil 2016, thug an Roinn cuireadh do thograí tionscadail bonneagair ábhartha ó údaráis áitiúla, agus fuair sí os cionn 70 iarratas. Tar éis próiseas athbhreithnithe, ceadaíodh 30 tionscadal a raibh costas réamh-mheasta comhiomlán €196 milliún ag baint leo.¹ Tá sé ráite ag an Roinn gur príomhchritéar roghnúcháin a bhí sa soláthar tithíochta a rabhthas ag súil leis a bhain leis na tionscadail, agus nár breithníodh ach tionscadail a raibh ardacmhainneacht forbartha tithíochta acu le haghaidh cistiúcháin. Bhí coinne leis go dtacódh na tionscadail a ceadaíodh le beagnach 20,000 aonad tithíochta a sholáthar agus bhí amlíne suas le ceithre bliana acu (2017 – 2021).
- 12.3** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le spriochtionscadail bhonneagair LIHAF a chur i gcrích, agus ar thionchar an chiste ar fhorbairt tithíochta go dtí seo sna limistéir tionscadail. Chuir an fhoireann scrúdúcháin oifigeigh ón Roinn faoi agallamh, rinne siad athbhreithniú ar chomhaontuithe idir an Roinn agus údaráis áitiúla agus thiomsaigh siad faisnéis maidir le buiséid, costais agus aschuir LIHAF.
- 12.4** Baineann tagairtí do chostais, caiteachas agus buiséid ar fud na tuarascála seo le maoiniú na Roinne do LIHAF, agus ní áirítear leo caiteachas na n-údarás áitiúil ar na tionscadail seo, mura sonraítear a mhalairt go sonrach.

Maoiniú an Tionscadail

- 12.5** Maidir leis an 30 tionscadal LIHAF a ceadaíodh, gheall an Roinn maoiniú de bheagán faoi bhun €147 milliún – 75% den mhaoiniú tionscadail measta iomlán. Bhí iarmhéid mhaoiniú an tionscadail – €49 milliún – le cur ar fáil ag na húdaráis áitiúla ábhartha.
- 12.6** Ó 2017 go 2023, chuir an Roinn soláthar bliantúil do chistiú LIHAF san áireamh ina meastachán vótála. Cé is moite de 2023, bhí an caiteachas iarbhrí go mór faoi bhun fhoráil an mheastacháin bhliantúil (féach ar Fíor 12.1). Bhí caiteachas iomlán LIHAF ón Vóta thar an tréimhse sin beagán os cionn €113 milliún. Faoi dheireadh 2023, ní raibh sé cinn den 30 tionscadal formheasta ag dul ar aghaidh.²


¹ Fuair tionscadal breise amháin réamhcheadú agus thabhaigh sé caiteachas €22,453 sular tharraing an t-údarás áitiúil siar é.

² Tá ceann amháin de na sé thionscadal ag dul ar aghaidh ach gan maoiniú LIHAF. Féach Aguisín 12A le haghaidh liosta tionscadal agus a stádas.

12.7 Maidir leis an riachtanas maoinithe Stáitchiste bliantúil a bhunú, dúirt an Roinn go n-iarrann sí ar údaráis áitiúla staitisticí caiteachais réamh-mheasta agus staitisticí gaolmhara soláthair tithíochta a chur ar fáil, dhá uair sa bhliain de ghnáth, chomh maith le coinní rialta eile le húdaráis áitiúla. Luaigh an Roinn freisin go raibh na cúiseanna le tearc-chaiteachas ar an Vóta lasmuigh dá smacht, eadhon

- tionscadail a thosaigh níos déanaí ná mar a bhíodas ag súil leo mar thoradh ar mhoilleanna ar achomhairc phleanála
- moilleanna ar roinnt tionscadal mar gheall ar athbhreithnithe breithiúnacha agus saincheisteanna conarthacha
- tionchar shrianta Covid-19 in 2020 agus 2021.

Fíor 12.1 Meastachán ar an vótáil maidir le soláthar agus olltoradh caiteachais, 2017 go 2023



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Cuntas Leithreasa Oidhreacht 2017 – 2023^a

Nóta: a I 2017 agus 2018, rinneadh foráil maidir le cistiú LIHAF faoi fho-cheannteideal A.9 agus in 2019 go 2023 rinneadh foráil maidir leis faoi fho-cheannteideal A.21 Ciste bonneagair. I gcás na mblianta 2018 go 2021 (an dá bhliain sin san áireamh), áiríodh leis an bhfo-cheannteideal freisin meastachán agus olltoradh le haghaidh ciste eile – ciste na láithreán seirbhísithe (SSF). Bunaíodh é sin chun príomhbhonneagar cumasúcháin a chur ar fáil chun cabhrú le tailte atá faoi úinéireacht phoiblí a scaoileadh go sonrach chun tithe inacmhainne a sholáthar le ceannach nó le ligean ar cíos. Tá an Ciste Tithíochta Inacmhainne (AHF) curtha in ionad an SSF. Ní áirítear i bhFíor 12.1 an meastachán agus an t-olltoradh i ndáil le SSF, a raibh tearc-chaiteachas suntasach ann go bliantúil freisin.

12.8 Ag deireadh 2023, measann an Roinn gur thart ar €84 milliún a bheidh sa mhaoiniú a bheidh ag teastáil amach anseo chun na tionscadail atá fágtha a chur i gcrích. In éineacht le maoiniú a cuireadh ar fáil cheana féin, táthar ag súil go mbeidh maoiniú iomlán LIHAF ón Vóta cothrom le €197 milliún do 24 tionscadal a cuireadh i gcrích, i gcomparáid leis an ngealltanas bunaidh de €147 milliún do 30 tionscadal ceadaithe.

12.9 I mí na Nollag 2023, chuir an Roinn meabhrán don Rialtas isteach inar leagadh amach an gá atá le síneadh a chur le saolré scéim LIHAF agus ceanglais bhreise chistiúcháin le haghaidh roinnt tionscadal. Ceadáíodh an togra go foirmiúil an 12 Nollaig 2023. D'fhág cinneadh an Rialtais

- gur ceadáíodh go leanfaí le LIHAF go dtí deireadh 2025
- gur méadaíodh buiséad an chiste faoi €80 milliún (€60 milliún ón Roinn agus €20 milliún ó údaráis áitiúla), agus


1 Bunaíodh coiste bainistíochta LIHAF chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú LIHAF, chun meastóireacht a dhéanamh ar thograí agus chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar sholáthar tograí rathúla. Tá seisear comhaltaí aige, ceathrar acu ón Roinn, le hionadaí ón nGníomhaireacht Tithíochta agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthar agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

- gur aontaíodh go bhféadfadh coiste bainistíochta LIHAF buiséid agus amlínte a cheadú do thionscadail nár críochnaíodh fós laistigh den imchlúdach maoinithe nua agus den chreat ama athbhreithnithe.¹

Soláthar, costas agus aschur an tionscadail


12.10 Ag an tús, bhí 30 tionscadal bonneagair le dul ar aghaidh le tacaíocht LIHAF, agus iad go léir le cur i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag 2021. Bhí sé beartaithe go gcuideodh na tionscadail le beagnach 20,000 aonad tithíochta a sholáthar. Leagtar amach i bhFíor 12.2 raon geografach na n-aonad tithíochta atá beartaithe agus stádas reatha na dtionscadal ag deireadh mhí na Nollag 2023. Tá faisnéis a bhaineann le tionscadail aonair le fáil in larscríbhinn 12A.

Fíor 12.2 Léarscáil ina léirítear na haonaid tithíochta bhunaidh atá beartaithe agus stádas na dtionscadal, an 31 Nollaig 2023



- 12.11** Leagtar amach forbhreathnú ar spriocanna bunaidh agus athbhreithnithe LIHAF le soláthar iarbhir ag deireadh 2023 i bhFíor 12.3. Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú ar olltoradh an tsoláthair sna blianta amach romhainn.

Fíor 12.3 Spriocanna bunaidh agus athbhreithnithe le haghaidh LIHAF, agus olltoradh suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2023




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Soláthar tionscadail

Tionscadail chríochnaithe (12)

- 12.12** Amhail ag deireadh 2023, bhí 12 den sprioc athbhreithnithe de 24 thionscadal curtha i gcrích. Bhí dátaí éagsúla críochnaithe ag na tionscadail seo. Cuireadh ocht gcinn de na tionscadail i gcrích laistigh de na hamlínte a moladh ar dtús, agus bhí trí cinn acu i bhfad chun tosaigh ar an sceideal. Thóg ceithre thionscadal níos faide ná mar a bhí beartaithe a chur i gcrích agus cuireadh moill ar cheann acu sin ar feadh níos mó ná trí bliana (féach ar Fíor 12.4).

Fíor 12.4 Comparáid idir na spriocdhátaí agus na dátaí críochnaithe iarbhír do thionscadail LIHAF críochnaithe




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tionscadail atá idir lámha agus tionscadail nach bhfuil tús curtha leo

12.13 Cuirfear na hocht dtionscadal atá idir lámha agus na ceithre thionscadal nach bhfuil tosaithe fós i gcrích dhá bhliain ar a laghad níos déanaí ná mar a bhí beartaithe. Táthar ag súil go gcuirfear moill idir sé bliana agus deich mbliana ar chuid de na tionscadail a chur i gcrích (féach ar Fíor 12.5).

Fíor 12.5 Moilleanna réamh-mheasta ar thionscadail LIHAF atá ar siúl nó nach bhfuil tosaithe go fóill, an 31 Nollaig 2023




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Costais tionscadail

- 12.14** Tá comhghaol láidir idir tionscadail a bhfuil moill orthu agus róchaiteachas buiséid tionscadail. Ar an iomlán, tá buiséid athbhreithnithe ag tionscadail atá idir lámha faoi láthair nó atá fós le tosú atá i bhfad níos mó ná an buiséad bunaidh a socraíodh (féach ar Fíor 12.6).
- 12.15** Dúirt an Roinn go raibh méaduithe praghais suntasacha ann d'ábhair thógála ó réamh-mheastacháin bhunaidh chostais LIHAF. Tugann sé dá aire, go háirithe, gur tháinig méadú 40% ar chostas ábhar tógála agus tógála idir Meitheamh 2017 agus Meitheamh 2024 de réir Innéacs Praghsanna Mórdhíola CSO.

Fíor 12.6 An buiséad bunaidh, an buiséad athbhreithnithe agus an caiteachas athbhreithnithe, de réir stádas an tionscadail, an 31 Nollaig 2023



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.


Tionscadail atá ar bun (8)

- 12.16** Bhí caiteachas de bheagnach €50 milliún tabhaithe ag tionscadail a bhí idir lámha amhail an 31 Nollaig 2023. Bhí sé sin comhionann leis an mbuiséad bunaidh chun na hocht dtionscadal a chur i gcrích. Is é €45.7 milliún an caiteachas breise a mheastar a bheidh ag teastáil chun na tionscadail sin a chur i gcrích, rud a chiallaíonn go mbeidh méadú 91% tagtha ar na costais i gcomparáid leis an mbuiséad bunaidh (féach ar Fíor 12.7). Thug an Roinn faoi deara na cúiseanna seo a leanas maidir leis na tionscadail leis an méadú is mó ar na costais a bhfuiltear ag súil leo¹
- Feabhsúcháin bhóthair Choill na Silíní (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) – tháinig méadú 114% (€13 milliún) ar ranníocaíocht LIHAF toisc go raibh costas tairisceana chéim a dó os cionn an mheastacháin bhunaidh, agus go raibh tionchar boilsicthe réamh-mheasta ar chostas chéim a trí (tar éis comhairle a fháil ó chomhairleoirí)
 - Feabhsuithe bóthair Ghleann Maghair (Contae Chorcaí) – tháinig méadú €9.1 milliún ar ranníocaíocht LIHAF mar gheall ar mheastacháin costais athbhreithnithe a tarraingíodh suas in 2020, agus luadh boilsiciú agus Covid-19 mar chostais mhéadaitheacha freisin

¹ Áirítear le méaduithe ranníocaíochta LIHAF roinnt costas réamh-mheasta bainistíochta tionscadail.

- Mungairit (Luimneach) bóthar dáileacháin nua – tháinig méadú €8.9 milliún ar ranníocaíocht LIHAF mar gheall ar shonraíocht an bhóthair a bheith méadaithe chun bearta taistil gníomhacha agus tosaíocht bus a shuiteáil, agus boilsciú ar chostais tógála.

Fíor 12.7 Athruithe idir an caiteachas buiséadaithe bunaidh agus an caiteachas iomlán a bhfuil coinne leis le haghaidh tionscadail atá ar siúl, an 31 Nollaig 2023



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tionscadail nár tosaíodh (4)

- 12.17** Tá caiteachas €2.5 milliún tabhaithe ag tionscadail atá fós beartaithe ach nár cuireadh tús leo amhail ag deireadh 2023. Is é €35.3 milliún (buiséad bunaidh €26.8 milliún) an caiteachas measta is gá chun na tionscadail sin a chur i gcrích, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú 41% ar chostais i gcomparáid leis an mbuiséad bunaidh. Thug an Roinn faoi deara go gcuirtear go leor tionscadal i gcrích i gcéimeanna agus go bhfuil an rogha aici gan tionscadail nó céimeanna breise a cheadú i gcás ina meastar go bhfuil costais iomarcach nó nach bhfuil siad faoi raon feidhme. Dheimhnigh an Roinn nár fheidhmigh sí an rogha sin go dtí seo.
- 12.18** Baineann na méaduithe a tugadh faoi deara go dtí seo go príomha le dhá thionscadal shonracha: bóthar faoisimh thoir Mhaigh Nuad; agus nascbhóthar nua ag an gCláirín, Inis. Thug an Roinn le fios go raibh buiséid bhunaidh na dtionscadal bunaithe ar chostais i 2016. Nuair a rinneadh na dearaí tionscadail mionsonraithe in 2023 agus cuireadh boilsciú san áireamh, tháinig méadú os cionn €6 mhilliún (58%) ar chostais mheasta an tionscadail do thionscadal Mhaigh Nuad, agus méadú €4.54 milliún (165%) i ndáil le tionscadal Inis.
- 12.19** Níor cuireadh iarratais ar mhaoiniú breise isteach maidir leis an dá thionscadal eile nár cuireadh tús leo go fóill (Droichead an Dothra, Cathair Bhaile Átha Cliath agus Bóthar Bhreámhaine, Baile Átha Luain).


Tionscadail nach bhfuil ag dul ar aghaidh (6)

- 12.20** Cuireadh cistiú íosta LIHAF ar fáil i leith sé thionscadal nach bhfuil ag dul ar aghaidh anois. Bhí buiséid bhunaidh de €15.3 milliún le chéile ag na sé thionscadal. Amhail an 31 Nollaig 2023, caitheadh €0.9 milliún san iomlán ar na tionscadail sin. Thabhaigh cúig cinn as na sé thionscadal leibhéal éigin caiteachais. Thug an Roinn dá haire gur bhain an caiteachas le réamhtháillí dearaidh, costais sainchomhairleoirí tionscadail agus táillí dlí.

Tionchar an tionscadail

- 12.21** Ag an tús, beartaíodh go gcabhródh an 30 tionscadal LIHAF le beagnach 20,000 aonad tithíochta a sholáthar. Nuair a fhághtar na sé thionscadal nach bhfuil ag dul ar aghaidh as an áireamh, laghdaítear an soláthar tithíochta gaolmhar go dtí thart ar 16,000 aonad tithíochta a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad curtha i gcrích faoi dheireadh 2021. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2023, bhí 6,418 n-aonad san iomlán curtha ar fáil go hiarbhrí, nach bhfuil ann ach 40% den aschur a rabhtas ag súil leis (féach ar Fíor 12.8).

Fíor 12.8 Aonaid iarbhír arna soláthar i gcomparáid leis na haonaid réamh-mheasta ag deireadh 2023



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- 12.22** Tá sé ráite ag an Roinn gur bonneagar é an t-aschur ó LIHAF agus nach bhfuil ról díreach aige i soláthar tithíochta. Tá comhaontuithe deontais i bhfeidhm ag an Roinn leis na húdaráis áitiúla éagsúla chun na tionscadail infreastruchtúir shonraithe a chur i gcrích.¹ Leagtar amach sna comhaontuithe deontais seo príomhthéarmaí agus príomhchoinníollacha an deontais amhail

- luach deontais
- an dáta ar cheart bonneagar a chur i gcrích faoi
- ceanglais tuairiscithe d'údaráis áitiúla
- sonraí faoi imeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le deontais a choinneáil siar, a chur ar fionraí nó a aisíoc.

¹ Tar éis tionscadal a fhaomhadh, is é an t-údarás áitiúil ábhartha atá freagrach as bainistiú tionscadail ar sheachadadh bonneagair, le bainisteoirí tionscadail arna maoiniú ag LIHAF.


- 12.23** Leagtar amach i gcomhaontuithe ar leithligh idir na húdaráis áitiúla ábhartha agus forbróirí príobháideacha líon na n-aonad tithíochta a bhfuiltear ag súil go soláthrófar iad.

- 12.24** Go ginearálta, níl aon amlínte maidir le soláthar tithíochta san áireamh sna comhaontuithe deontais idir na húdaráis áitiúla agus an Roinn toisc go mbraitheann soláthar tithíochta den sórt sin ar na tionscadail infreastruchtúir a bheith á seachadadh agus ar chead pleanála a bheith á dheonú don fhorbairt tithíochta.
- 12.25** Thug an Roinn le fios go bhfuil easpa bonneagair ag baint le soláthar tithíochta agus, ós rud é nach bhfuil an soláthar bonneagair ar fad curtha i gcrích, nach bhfuil an chuid is mó den tithíocht a bhaineann leis an gclár LIHAF curtha ar fáil go fóill. Dúirt an Roinn, ar bhonn rannpháirtíocht leanúnach le húdaráis áitiúla, go bhfuil sí muiníneach go gcomhlíonfar na gealltanais bhunaidh soláthair tithíochta de chuid LIHAF a rinneadh in 2017.

Catagóir aschuir tithíochta

- 12.26** Rinneadh an soláthar tithíochta LIHAF a rabhthas ag súil leis a roinnt idir roinnt catagóirí éagsúla. Tugtar miondealú ar na haonaid tithíochta a soláthraíodh ag deireadh 2023 i gcomparáid leis an soláthar a rabhthas ag súil leis ar dtús i ngach catagóir sonraithe i bhFíor 12.9.

Fíor 12.9 Soláthar tithíochta LIHAF a rabhthas ag súil leis agus soláthar iarbhair faoi dheireadh 2023, de réir catagóire



Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Nótaí:
- a Is aonaid tithíochta iad tithe sóisialta/cuid V ina gcaithfidh an forbróir comhaontú a dhéanamh leis an údarás áitiúil chun 20% de thithíocht shóisialta/inacmhainne a sholáthar.
 - b Tá athrú tagtha ar bheartas tithíochta inacmhainne ó tugadh isteach LIHAF agus is ón Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 a thagann an sainmhíniú reatha ar thithíocht inacmhainne. Go praiticiúil, cuirfeadh tithíocht inacmhainne ar fáil faoi LIHAF go ginearálta trí scéimeanna faoin gCiste Tithíochta Inacmhainne, le ranníocaíocht laghdaithe costais LIHAF. Cuireadh 16 aonad tithíochta inacmhainne ar fáil faoi dheireadh 2023.
 - c Baineann sé sin leis an laghdú costais a chuirtear i leith LIHAF agus a chuirtear ar aghaidh chuig na ceannaitheoirí. Tá sé bunaithe ar an gcoigilteas a bheadh faighte ag an bhforbróir toisc nach raibh air an bonneagar a mhaoiniú é féin.

Athbhreithniú ar an tionscadal

- 12.27** Rinne an fhoireann scrúdaithe athbhreithniú ar shampla de chúig thionscadal LIHAF agus ar phríomhghnéithe mionsonraithe na dtionscadal (féach ar Fíor 12.10 agus Fíor 12.11).

Tionscadal Críochnaithe

- 12.28** Tá tionscadail Bhaile Adaim agus Dhomhnach Bat tugtha chun críche ó thaobh bonneagair de agus tá príomhshonraí na dtionscadal leagtha amach i bhFíor 12.10.
- 12.29** Tá sé ráite ag an Roinn go ndeachaigh caiteachas LIHAF maidir le tionscadal Bhaile Adaim thar an mbuiséad mar gheall ar mheascán de mhoilleanna Covid-19, boilsciú sa tionscal tógála agus Brexit.

Fíor 12.10 Príomhfhaisnéis maidir le tionscadail chríochnaithe

Mionsonraí	Baile Adaim	Domhnach Bat
An cineál bonneagair	Bóthar Ceangail Chill Droichid, Páirc Lána Tandy agus Páirc Airlie	Bóthar dáileacháin agus droichead thar líne iarnróid
An méid bunaidh a bhí le maoiniú ag an Roinn	€15 milliún	€10.62 milliún
Costas deiridh maoinithe ag an Roinn	€19.2 milliún	€10.78 milliún
An dáta críochnaithe a bhfuil coinne leis	Nollaig 2021	Nollaig 2021
Dáta críochnaithe iarbhair	Samhain 2023	Márta 2020
Aonaid tithíochta bhunaidh a rabhthas ag súil leo	2,000	1,200
Aonaid tithíochta arna soláthar amhail an 31 Nollaig 2023	2,265	240

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- 12.30** Níl ach 240 aonad tithíochta curtha ar fáil go dtí deireadh 2023 i ndáil le tionscadal Dhomhnach Bat, i gcomparáid leis an aschur tithíochta foriomlán a bhfuiltear ag súil leis de 1,200.
- 12.31** Dúirt an Roinn gur cuireadh moill ar sholáthar mar gheall ar mhoilleanna sa phróiseas pleanála lena n-áirítear athbhreithniú breithiúnach. Dúirt an Roinn freisin go bhfuil sé tugtha le fios ag an údarás áitiúil (Comhairle Contae Fhine Gall) go soláthrófar, ar a laghad, an 1,200 aonad iomlán atá geallta.

Tionscadail atá ar siúl nó nach bhfuil tosaithe

- 12.32** Tá tionscadail Choill na Silíní agus Mhaigh Nuad ag céimeanna éagsúla soláthair agus leagtar amach príomhshonraí na dtionscadal i bhFíor 12.11. Níl tús curtha fós le tógáil thionscadal Mhaigh Nuad – bóthar faoisimh – ach tá próiseas ordaithe ceannaigh éigeantaigh curtha i gcrích go rathúil. Tá céim a haon de thionscadal Bhóthar/Droichead Choill na Silíní curtha i gcrích, tá céim a dó á tógáil agus tá céim a trí ag an gcéim a bhaineann le le foireann ildisciplíneach dearaidh a fháil.

Fíor 12.11 Príomhfhaisnéis maidir le tionscadail atá ar siúl nó nár cuireadh tús leo, an 31 Nollaig 2023

Mionsonraí	Coill na Silíní	Maigh Nuad
An cineál bonneagair	Bóthar, droichid, acomhal nua	Bóthar faoisimh thoir agus droichead Mhaigh Nuad
An méid bunaidh atá le maoiniú ag an Roinn	€11.39 milliún	€10.88 milliún
An méid réamh-mheasta reatha le maoiniú ag an Roinn	€24.4 milliún	€17.2 milliún
Dáta críochnaithe bunaidh a bhfuil coinne leis	Nollaig 2019	Nollaig 2019
An dáta reatha críochnaithe lena bhfuil coinne	Nollaig 2029	Iúil 2026
Aonaid tithíochta bhunaidh a bhfuiltear ag súil leo	2,000	800
Aonaid tithíochta arna soláthar amhail an 31 Nollaig 2023	1,398	—

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

12.33 Cé go bhfuil moill shuntasach ar an dá thionscadal, meastar anois go gcuirfear céim dheiridh a trí de thionscadal Choill na Silíní ar fáil deich mbliana níos déanaí ná mar a bhí sceidealaithe agus go mbeidh ranníocaíocht na Roinne le costais an tionscadail níos mó ná dhá oiread an mheastacháin bhunaidh. Tugann an Roinn dá haire, áfach, go bhfuil sí ag súil anois go mbeidh an t-ascgur tithíochta do thionscadal Choill na Silíní i bhfad níos mó ná an gealltanais bunaidh de 2,000.

12.34 Tá sé ráite ag an Roinn gur cheadaigh coiste bainistíochta LIHAF i bprionsabal na riachtanais mhéadaithe maoinithe a léirítear thuas maidir leis na tionscadail seo agus ar aon dul leis an ngnáthchleachtas, ní cheadófar maoiniú do thionscadail go foirmiúil go dtí go mbeidh tairiscintí curtha isteach.

Tionscadal nach bhfuil ag dul ar aghaidh

12.35 Níl tionscadal beartaithe an bhóthair faoisimh laistigh sa Nás atá maoinithe ag LIHAF ag dul ar aghaidh. Chuir Comhairle Contae Chill Dara freagra isteach ar an nglao ar thograí tionscadail LIHAF i nDeireadh Fómhair 2016 a ceadáíodh i Márta 2017. Síndódh an comhaontú deontais a bhaineann leis seo idir an Roinn agus Comhairle Contae Chill Dara i mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhíodhas ag súil go dtacódh an tionscadal, nuair a bhí sé críochnaithe, le soláthar 800 aonad tithíochta. Ba é an meastachán bunaidh ar chostas an tionscadail a bhí le maoiniú ag an Roinn ná €4.5 milliún.

12.36 Dúirt an Roinn gur ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Contae Chill Dara an cinneadh gan dul ar aghaidh leis an mbóthar faoisimh i 2019. Faoin am sin, bhí costais de €0.47 milliún tabhaithe ag an Roinn i leith réamhtháilí deartha, costais sainchomhairleoirí tionscadail agus táillí dlí.

Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta

- 12.37** Tá an Roinn ag súil go bhfuil agus go mbeidh gné den tithíocht maidir le tionscadail nach bhfuil ag dul ar aghaidh curtha ar fáil. Mar shampla, in ainneoin nach bhfuil tionscadal LIHAF an Náis ag dul ar aghaidh, bhí 190 aonad tithíochta curtha ar fáil faoi dheireadh 2021 mar thoradh ar fhorbairt phríobháideach. Ó mhí Eanáir 2022, scoir an Roinn de sholáthar tithíochta a thaifeadh i gcás nach bhfuil tionscadail ag dul ar aghaidh le maoiniú LIHAF.

Conclúidí

- 12.38** Fógraíodh bunú LIHAF i mí Iúil 2016 agus é mar phríomhchuspóir aige bacainní bonneagair chriticiúil a bhí ag cur bac ar fhorbairt tithíochta a mhaolú. Ceadaíodh 30 tionscadal bonneagair san iomlán le haghaidh maoinithe le hamlíne suas le ceithre bliana ie go dtí deireadh 2021. Leithdháileadh maoiniú Státchiste €147 milliún tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (an Roinn). Bhíothas ag súil go dtacódh na tionscadail le beagnach 20,000 aonad tithíochta a sholáthar.
- 12.39** Ar deireadh, níor lean sé thionscadal ar leithdháileadh maoiniú orthu ar aghaidh. Bhí baint ag thart ar 4,000 aonad tithíochta (20% den soláthar spriocdhírthe) leis na tionscadail sin.

Maoiniú

- 12.40** Sa tréimhse 2017 go 2022, bhí an caiteachas bliantúil ar LIHAF i bhfad níos lú ná an fhoráil meastacháin sa Vóta le haghaidh Tithíochta. Tá sé ráite ag an Roinn go raibh na cúiseanna le tearc-caiteachas lasmuigh dá smacht e.g. moilleanna pleanála agus tionchar shrianta sláinte poiblí Covid-19. Faoi dheireadh 2023, bhí caiteachas iomlán LIHAF ón Vóta beagán os cionn €113 mhilliún. Tá sé beartaithe ag an Roinn go mbeidh an maoiniú iomlán a chuirfear ar fáil do LIHAF thar a shaolré cothrom le €197 milliún ar a laghad. Is ionann sin agus méadú beagán os cionn aon trian ar airgead tirim i gcomparáid leis an maoiniú tosaigh iomlán a dámhadh ar thionscadail, cé nach bhfuil sé cinn de na tionscadail bhunaidh ag dul ar aghaidh.

Dul chun cinn agus soláthar

- 12.41** Ceadaíodh tionscadail LIHAF le hamlíne suas le ceithre bliana agus bhí gach tionscadal le bheith críochnaithe faoi mhí na Nollag 2021. Amhail ag deireadh mhí na Nollag 2023, tugadh 12 thionscadal chun críche, agus cuireadh ocht gcinn díobh i gcrích laistigh de na hamlínthe a leagadh síos. Bhí dátaí éagsúla críochnaithe ag na ceithre thionscadal eile tar éis don amlíne bhunaidh a bheith socraithe, idir níos lú ná bliain amháin agus 3.5 bliain.
- 12.42** Soláthrófar na tionscadail atá idir lámha faoi láthair agus nach bhfuil tosaithe go fóill, ar a laghad dhá bhliain níos déanaí ná mar a bhí beartaithe. Soláthrófar an chuid is mó díobh seo (deich gcinn as 12) ceithre bliana ar a laghad níos déanaí ná mar a bhí beartaithe, agus meastar dhá dháta críochnaithe idir ocht mbliana agus deich mbliana tar éis an dáta críochnaithe measta bhunaidh. Léiríonn an anailís ar chostais tionscadal comhghaol láidir idir tionscadail a bhfuil moill orthu agus róchaiteachas ar bhuiséad an tionscadail.

- 12.43** Bhí sé beartaithe ag an tús go gcuideodh tionscadail LIHAF le níos mó ná 20,000 aonad a sholáthar. Toisc nach bhfuil sé thionscadal ag dul ar aghaidh, rinneadh an figiúr seo a athbhreithniú go 16,000 aonad. Faoi dheireadh 2023, bhí breis agus 6,400 aonad nó 40% den sprioc athbhreithnithe maidir le haonaid tithíochta curtha ar fáil. Tá an Roinn muiníneach, bunaithe ar a rannpháirtíocht le húdaráis áitiúla, go mbainfear amach an sprioc de 16,000 aonad a bhaineann le tionscadail LIHAF, cé go bhféadfadh sé go dtógfadh sé roinnt blianta eile.
- 12.44** Dúirt an Roinn gur bonneagar é an t-aschur ó LIHAF agus nach bhfuil ról díreach aige sa soláthar tithíochta gaolmhar. Go ginearálta, níl aon amlínte maidir le soláthar tithíochta san áireamh sna comhaontuithe deontais leis na húdaráis áitiúla toisc go bhfuil soláthar ag brath ar chur i gcrích na dtionscadal bonneagair agus ar chead pleanála a bheith deonaithe do na haonaid tithíochta.
- 12.45** Dearadh LIHAF go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar cheist an tsoláthair tithíochta trí dheireadh a chur le bacainní ar sheachadadh tithíochta i gceantair a bhfuil ardacmhainneacht forbartha acu. Sna hocht mbliana ó fógraíodh an maoiniú, is cosúil nach bhfuil an luasghéarú a bhfuiltear ag súil leis ar sholáthar tithíochta sna sprioclimistéir bainte amach.

Iarscríbhinn 12A Tionscadail ceadaithe le haghaidh chistiú LIHAF

Stádas Reatha	Tionscadal	Tuairisc ar an mbonneagar	Bunsprioc na n-aonad tithíochta atá le soláthar	Aonaid tithíochta arna soláthar an 31 Nollaig 2023	An Bunbhuiséad €m	Costais réamh-mheasta 31 Nollaig 2023 €m	Dátaí críochnaithe iarbhir/dátaí críochnaithe a bhfuil coinne leo
Nach bhfuil ag dul ar aghaidh	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Sruthán na Coille	Feabhsúcháin ar bhóithre agus rochtain ar stáisiún DART amach anseo	1,242	N/B	3.12	0.11	N/B
	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Feirm na Cré	Tógáil Lúb-bhóthair nua 600m	350	N/B	3.53	–	N/B
	Lú, An Baile Nua, Droichead Átha	Bóithre rochtana a sholáthar	200	N/B	0.92	0.11	N/B
	Cill Dara, An Nás	Bóthar faoisimh laistigh an Náis	800	N/B	4.5.	0.47	N/B
	Baile Átha Cliath, CFS Chluain Buiríosa	scéim feabhsúcháin uasghrádaithe uisce dromchla	1,000	N/B	2.25	0.04	N/B
	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Gracedieu	Bóthar rochtana	238	N/B	0.99	0.19	N/B
Críochnaithe	Cathair Chorcaí, Seanbhóthar an Teampaill Ghil	Línte cumhachta athródaithe, feabhsuithe bóthair agus feabhsuithe uisce agus draenála	600	–	7.42	8.55	C1, 2021
	Contae Chorcaí, Carraig Uí Leighin	Uasghrádú ar thimpeallán Pháirc na Sionainne	400	385	0.45	0.45	C3, 2019
	Cathair Bhaile Átha Cliath, Béal Maighne Cluain Ghrífin	Feabhsúcháin bóthair agus príomhshráid nua	850	–	2.25	2.25	C2, 2023
	Fine Gall, Bóthar Dáileacháin Dhomhnach Bat	Bóthar dáileacháin agus droichead thar líne iarnróid	1,200	240	10.62	10.78	C1, 2020
	Fine Gall, An Seanbhaile Baile na Móna	Feabhsúcháin ar bhóithre	800	640	3.68	4.02	C1, 2020
	Cill Dara, Na Solláin	Spás pobail agus taitneamhachta a sholáthar	250	250	0.70	0.65	C1, 2018

Stádas Reatha	Tionscadal	Tuairisc ar an mbonneagar	Bunspríoc na n-aonad tithíochta atá le soláthar	Aonaid tithíochta arna soláthar an 31 Nollaig 2023	An Bunbhuiséad €m	Costais réamh-mheasta 31 Nollaig 2023 €m	Dátaí críochnaithe iarbhír/dátaí críochnaithe a bhfuil coinne leo
	Cill Chainnigh, Port an Chaladh	Spás pobail agus taitneamhachta a sholáthar	200	69	0.35	0.35	C3, 2020
	Cill Chainnigh, Purláin Thiar	Spás pobail agus taitneamhachta a sholáthar	530	122	5.07	6.75	C3, 2021
	An Mhí, Ráth Tó	Bóthar faoisimh lasmuigh Ráth Tó	266	131	2.37	2.62	C4, 2021
	An Mhí, Baile Feargáin	Bóthar rochtana	400	–	4.26	4.59	C3, 2021
	Baile Átha Cliath Theas, Baile Adaim	Bóthar Ceangail Chill Droichid, Páirc Lána Tandy agus Páirc Airlie	2,000	2,265	15.00	19.2	C4, 2023
	Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Cill Bharra	Bóthar dáileacháin	400	70	2.54	2.68	C2, 2021
Ar bun	Cathair Chorcaí, Duganna Theas	Bonneagar iompair, feabhsú bóithre agus páirceanna	620	–	11.63	14.97	C2, 2026
	Contae Chorcaí, Gleann Maghair	Pacáiste iompair inbhuanaithe agus feabhsuithe ar bhóithre	300	408	4.43	13.53	C2, 2026
	Contae Chorcaí, Mainistir na Corann (Carraig an Uisce)	Feabhsuithe ar bhóithre agus séarach uisce stoirme	520	–	4.13	8.84	C2, 2024
	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Coill na Silíní	Feabhsúcháin éagsúla ar bhóithre	2,000	1,398	11.39	24.44	Céim 2, C3 2024 Céim 3, C4 2024
	Fine Gall, Baile Dúill Steach Póilín	Rampa a chuireann rochtain ar fáil do choisithe agus do rothaithe ar stáisiún traenach Chluain Ghrífin, limistéir draenála fheabhsaithe, feabhsúcháin pháirce agus bóthair	500	69	4.64	6.76	Obair tugtha chun críche go substaintiúil ^a

Stádas Reatha	Tionscadal	Tuairisc ar an mbonneagar	Bunsprioc na n-aonad tithíochta atá le soláthar	Aonaid tithíochta arna soláthar an 31 Nollaig 2023	An Bunbhuiséad €m	Costais réamh-mheasta 31 Nollaig 2023 €m	Dátaí críochnaithe iarbhír/dátaí críochnaithe a bhfuil coinne leo
	Luimneach, Mungairit	Soláthar bóthair dáileacháin nua	399	203	7.88	16.74	Céim 1, R1 2019 Céim 2, R2 2024 Céim 3, R3 2025
	Lú, Ascaill an Mhóta, Dún Dealgan	Feabhsúcháin ar bhóithre	212	–	2.50	6.43	R3, 2024
	Baile Átha Cliath Theas, Cill Chairbre/Corcach Gráinseach	Feabhsúcháin ar bhóithre, stáisiún caidéalaithe agus príomhphíobán bréan aníos don líonra séarachais agus séarach bréan sceite	1,000	168	3.29	3.38	R3, 2024
Níor tosáodh	An Clár, Cláirín, Inis	Bóthar ceangail nua le seirbhísí agus timpealláin	200	–	2.75	7.29	C1, 2026
	Cill Dara, Maigh Nuad	Bóthar faoisimh thoir agus droichead Mhaigh Nuad	800	–	10.88	17.2	R3, 2026
	An Iarmhí, Bóthar Bhreámhaine, Baile Átha Luain	Bóthar rochtana	200	–	1.37	1.56	R3, 2025
	Cathair Bhaile Átha Cliath, Droichead na Dothra	Droichead iompair phoiblí nua trasna na Dothra.	1,500	–	11.81	11.81	C2, 2028
Iomláin			19,977	6,418	146.72	196.76	

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá an Roinn ag fanacht le deimhniú ón údarás áitiúil faoi láthair maidir le cé acu an bhfuil an rampa go dtí an stáisiún traenach ag dul ar aghaidh nó nach bhfuil.